Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15233/22**

**CFSP/PESC 1600**
**CSDP/PSDC 816**
**EUMC 416**
**COAFR 349**
**EUTM SOMALIA 11**
**EUCAP SOMALIA 13**
**PSC DEC 51**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2022) a cheapadh |

**CINNEADH (CBES) 2022/…**
**ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2022) a cheapadh**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia)[1], agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

[1] IO L 187, 17.7.2012, lch. 40.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2012/389/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 7 Nollaig 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/2210[1] lena gcuirtear síneadh le sainordú Christopher REYNOLDS mar Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

(3) An ... 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/...[2+] lena gcuirtear síneadh le sainordú EUCAP Somalia go dtí an 31 Nollaig 2024.

(4) An 17 Samhain 2022, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gceapfaí Kauko AALTOMAA ina Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2021/2210 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 7 Nollaig 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2021) (IO L 447, 14.12.2021, lch. 3).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/… ón gComhairle an … lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L …., …., lch…).

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, sonraí glactha agus foilseacháin an Chinnidh ón gComhairle i nDoiciméad Uimh. ST 14893/22.

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Kauko AALTOMAA ina Cheann Misin ar Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*